

❖ An Lúibín ❖

29 Deireadh Fómhair 2011

An teanga chóir

Tháinig Éireannaigh ina rabharta isteach i gcoilíneacht Victoria sa 19ú haois, agus thug a bhformhór leo an Gaeilge. Anois, agus taighde á dhéanamh ar stair na teanga in oirdheisceart na hAstráile, tugann corrscéal léargas beo ar na daoine a labhraíodh í.

Orthu sin bhí John Waldron (Seán de Bhaldraithe), póilín. Bhí fórsaí póilíneachta na coilíneachtaí uile lán d'Éireannaigh, agus bhí iomrá ar leith le Waldron – iomrá a leith i ndiaidh a bháis de bharr leabhair a d'fhoilsigh John Marzorini faoi.¹ Tá eolas eile againn air ó lámh Dháithí Ó Dhomhnaill, duine aitheantais le Waldron a raibh Gaeilge ag a mhuintir.²

In aice le Tuaim a rugadh Waldron. In aois a shé bliana déag bhain sé Manchain amach agus gan aige ach Gaeilge, más fíor d'fhear scríofa an scéil. Thug sé Béarla leis de réir mar ba ghá agus é ina phrintíseach innealtóireachta, agus bhí an teanga sin ar a thoil aige nuair a tháinig sé go dtí Melbourne sa bhliain 1874.

An uair sin bhí an chathair ag borradh: cathair vearandaí agus ghairdíní, tithe móra galánta ann agus foirgnimh phoiblí ba ghalánta fós, tithe beaga suaracha freisin agus slumanna, sráideanna a bhí ina ndeannach sa samhradh agus ina phluda sa gheimhreadh, agus cuimhne fós ag daoine ar ruathar óir na gcaogaidí. Bhí obair le déanamh ag an bhfórsa póilíneachta ar na sráideanna agus sna lánáí bréana, agus is iomaí Éireannach a chuir uime an éide.

Deir an Domhnallach gur minic a bhaineadh Waldron tairbhe as a chuid Gaeilge agus é ina phóilín. Tá scéal aige féin agus ag Marzorini faoi ócáid den saghas sin, cé go bhfuil difríochtaí beaga idir an dá leagan.

Waldron a fuair amach cárbh as don cheamachán gioblach bocht a fuarthas ar fán i mbruacha Melbourne agus airc air. Cuireadh 'fuaidireacht' ina leith mar sheift chun dídean a thabhairt dó. Ní raibh focal Béarla aige, agus tugadh chun Melbourne é chun go bhfaighfí amach cárbh as dó. De réir chuntas an Domhnallaigh, chuaigh Alfred Burvett, bleachtair iomráiteach a raibh Francís, Spáinnis agus Iodáilis aige, chun cainte leis an bhfánaí ach theip air ciall a bhaint as a chuid cainte agus chuir i gcéill gur Slavach a bhí ann. Nuair a chuala Waldron an scéal dúirt sé: 'Fear de mo chineál féin é, b'fhéidir'. Chuaigh sé chun cainte leis an bhfánaí: 'An dtuigeann tú Gaeilge?' a dúirt sé. 'Tuigim go maith,' a dúirt an fear eile.³ Deirtear go raibh Waldron in ann airgead agus obair a fháil dó, agus gur fhoghlaim an fánaí Béarla faoi dheireadh. Críoch rathúil, más fíor bréag é an scéal.

Tá An Lúibín buíoch den Dr Val Noone, a tharraing ár n-aird ar an scéal seo.



Anois

Litriú agus gramadach na Gaeilge: crá croi na nGaeilgeoirí (nó cuid acu), agus leigheas air faoi dheireadh. Anois an leigheas sin, pacáiste de chuid Cruinneog, an dream a bhronn GaelSpell agus Ceart ar an saol. Foras na Gaeilge a mhaoinigh é agus oibríonn sé trí Microsoft Wor. GaelSpell agus Ceart le chéile in aon phacáiste amháin, mar a deir lucht a bheartaithe, agus stórchiste Gaeilge mar chuid de.

¹ Marzorini, John M.. *John Waldron, the Hercules of the Victorian Police Force*, Melbourne: Tocsin Office Print 1899.

² Ba dheartháir é leis an Dr Nioclás Ó Dhomhnaill, scoláire Gaeilge den scoth a bhfuil a leabharlann á gcaomhnú anois ag an Lárionad Léinn, Coláiste Naomh Muire agus Coláiste Newman, Ollscoil Melbourne.

³ Marzorini a chuireann síos ar an gcomhrá seo.

Deirtear go bhfuil siad ag obair ar roinnt áiseanna eile, rudaí a d'oirfeadh don iPad agus do ghutháin phóca. Is léir anois gur mór an rath a d'fhéadfadh a bheith ar fheidhmchláir den saghas sin i saol na Gaeilge, agus nach gá go mbeadh na háiseanna sin gan sult.



Gaeilge an Uachtaráin

Seachtar iarrthóirí atá ag iarraidh an Uachtarántacht a bhaint amach in Éirinn, agus creideann siad uile gur chóir don Uachtarán Gaeilge a bheith ar a thoil aige.⁴ Níl aon amhras ná go bhfuil duine acu in ann ag an obair cheana: Mícheál D. Ó hUiginn, iar-Aire Gaeltachta. Máire Nic Giolla Íosa a chuir tús leis an ealaín seo nuair a chuir sí de dhua uirthi féin an teanga a fhoghlaim tar éis di an post a fháil sa bhliain 1997.

Comhartha eile ar theip na Gaeilge éigeantáí i scoileanna na Poblachta is ea an oiread sin iarrthóirí suntasacha a bheith gan líofacht sa teanga. Tá iarrthóir ón Tuaisceart (an tUasal McGuinness) sa rás freisin, agus é ag iarraidh faobhar agus feabhas a chuir ar a chuid Gaeilge. Is cuid suntasach é an dualgas atá ar na hiarrthóirí (dar leo féin) an teanga a chur ar taispeáint, ní mar shamhailchomhartha amháin ach mar rud beo bríomhar chomh maith. B'fhurasta dóibh a bheith sásta leis an siombalachas, mar is gnách i gcúrsaí polaitíochta, ach ní mar sin don dream seo. Cuireadh agallamh ar Mháire Nic Giolla Íosa ar Raidió na Gaeltachta agus ba líofa an chaint a bhí aici. Ní bheadh súil agat lena mhalairt ó aon Uachtarán eile anois.

B'fhéidir nach ndéanfadh líofacht an Uachtaráin ach an siombalachas a threisiú. Má tá an béal is measúla sa tír i bhfeighil na Teanga Beannaithe, tá an jab déanta: tá cead ag muintir na hÉireann a rogha rud a dhéanamh agus cloí lena dteanga dhúchais – Béarla.



Teangacha iasachta, teangacha baile

Tá teangacha iasachta ag dul i léig i scoileanna na Breataine agus na hÉireann araon. Sa Bhreatain dúirt oideachasaí mór le rá le déanaí go bhfuil na daltaí a bhí ag déanamh staidéir ar Fhraincis, ar Ghearmáinis nó ar Spáinnis ag éirí chomh neamhlíonmhar le lucht Laidine nó Gréigise. Áibhéil bheag an méid sin, b'fhéidir, agus ní raibh teangacha róláidir riamh ag leibhéal an GCSE, cé go bhfuil difríocht shuntasach idir an 350,027 dalta a rinne teanga eile sa bhliain 1995 agus an 154,221 a rinne é i mbliana. Dúirt mo dhuine, mar sin féin, go raibh easpa díth teangacha ag lagú chumas iomaíochta na tíre thar lear. Tá imní ar an Rúnaí Oideachais freisin. Dúirt sé gur mhaith leis daltaí a chur ag foghlaim teangacha iasachta in aois a gcúig bliana d'aois, agus (cúrsaí brabaigh arís) dúirt gurbh fhiú do scoileanna lucht gnó, go háirithe easportálaithe, a thabhairt isteach chun tábhacht na dteangacha a áitiú ar na daltaí. Ní dócha, áfach, go bhfuil greim mór ag an lucht gnó céanna ar aon teanga seachas Béarla.

An port céanna atá Acadamh Ríoga na hÉireann, agus tuarascáil curtha amach ag coiste dá chuid faoi theangacha sna scoileanna. Cuireadh in iúl go raibh Éire ar an mbeagán tíortha san Eoraip nach bhfuil teanga iasachta ina hábhar éigeantach ag pointe éigin sa churaclam. In Éirinn atá an céatadán is airde de dhaoine san AE a deir nach bhfuil acu ach a dteanga dhúchais. Mar a dúirt an tOllamh Maeve Conrick, cathaoirleach an choiste, dá luaithe a théann tú i mbun teanga eile a fhoghlaim is ea is fearr, agus tá baint ag cumas teanga le seiftiúlacht, cumadóireacht agus cumas caidrimh. Dúirt sí (mar a dúradh sa Bhreatain) gurb é cumas iomaíochta na tíre a bheadh thíos leis an díth seo teangacha. Níor chuir an Roinn roimh an tuarascáil ach fáilte phatuar, áfach, agus fonn uirthi rudaí eile ar nós na matamaitice a neartú. Tar éis an tsaoil, theip uirthi go dtí seo an Ghaeilge féin a chur á múineadh le héifeacht.

San Albain, áfach, tá dul chun cinn éigin á dhéanamh maidir leis an nGàidhlig. Tá ochtar mac léinn á dtraenáil mar mhúinteoirí meámscoile Gàidhlig agus seacht mic léinn déag á dtraenáil mar mhúinteoirí bunscoile. Fuair siad deontais ó Bhòrd na Gàidhlig, agus tá tumchúrsa seachtaine ann do mhúinteoirí atá ag obair trí Bhéarla faoi

⁴ 'Cúpla focal na n-iarrthóirí sa rás go hÁras an Uachtaráin,' Seán Tadhg Ó Gairbhí, *The Irish Times*, 12/10/2011.

láthair. Agus tá cúrsaí níos faide ann – cúrsa bliana atá á reachtáil ag Sabhal Mòr Ostaig agus Ollscoil Obar Dheadhain. Dealraíonn sé, tar éis an tsaoil, go bhfuil an Ghàidhlig, dá laghad lucht a labhartha, i mbéal ré nua.



Damba na dTrí Altán

Ní hé Damba na dTrí Altán an damba is mó sa tSín, ná ní hé an ceann a sholáthróidh an méid leictreachais is mó; ach is é an damba is conspóidí é, fiú i dtír a thógála. Ní rud é nach bhfuil tairbhe le baint as. Bacann sé na tuilte móra a d'fhág michlú ar an Yangtse riamh agus ba chúis le suas le 18 milliún duine a ruaigeadh lenár linn. Baineann sé an faobhar den rabharta úd agus, chomh maith leis sin, ligeann sé do bháid iompair an abhainn a shiúl i bhfad níos éasca. Agus tá buntáiste eile leis ba dheacair a shárú i dtír atá chomh spleách sin ar an ngual: is féidir leis laghdú 31 milliún tonna a dhéanamh ar úsáid an ghuail in aghaidh na bliana. Is bac é seo ar 100 milliún tonna d'astúcháin ghás forthéimh, ar mhíilliún tonna de dhé-ocsaíd sulfair agus ar 10,000 tonna d'aonocsaíd charbóin, gan trácht ar ábhar nimhe eile.

B'fhada an damba á ghoradh. Sa bhliain 1911 bhí Sun Yat-sen, ceannaire cumasach, ag smaoineamh ar é a thógáil; ina dhiaidh sin bhí sé ina ábhar machnaimh ag Chiang Kai-shek, ag na Seapánaigh, ag na Meiriceánaigh agus ag Mao Zedong. Sa bhliain 1992 thoiligh Comhdháil Náisiúnta an Phobail leis, cé gur léir go raibh inní ar roinnt mhaith teachtaí faoi, agus chuathas i mbun tógála. Tionscadal ollmhór a bhí ann, agus léirigh sé cumas agus ábaltacht innealtóirí na tíre. Tá an stáisiún cumhachta is mó ar domhan ann agus cuid de na tuirbíní is éifeachtaí, rud nár tharla gan chostas: beidh ar na damba luach 250 billiún yuan de leictreachas a dhéanamh chun an costas sin a chúiteamh. Deirtear gur gá méadú 8% a dhéanamh ar an méid leictreachais gach bliain chun cos a choinneáil leis an olltáirgeadh náisiúnta.

Ach leanann an chonspóid agus ní gan chúis é. Ar na fadhbanna is mó tá an deascadh. Tagann timpeall 40 milliún tonna d'ithir isteach sa Yangtze in aghaidh na bliana, ithir atá ag carnadh sa damba féin in áit dul le sruth mar a dhéanadh chun ceantair síos an abhainn a neartú agus a shaibhriú. Deirtear gurb é an carnadh seo is cúis le díobháil a dhéanamh d'orgánaigh 'bheantacha' – orgánaigh a mhaireann ar an ngrinneall agus a mbeadh neart acu le fáil sa Yangtze. Thairis sin de, baineann sé go mór d'éifeacht an damba ar gach slí eile agus fuinneamh an tsrutha i gceist. Chomh maith leis sin, tá maidhmeanna sléibhe ag titim amach níos minice anois os cionn an damba de bharr éirí an uisce.

Fadhb eile is ea na creathanna talún. Tá dhá éadan ar an damba – suas an abhainn agus síos an abhainn - agus b'fhéidir go mbrisfí an chéad éadan úd de bharr mheáchan uafásach an uisce agus bhogadh an talaimh. Réigiún é atá seanceachta leis na creathanna talún agus ba dheacair do dhamba atá chomh fada leis an mBreatain teacht slán.

Thairis sin de, tá uisce dríodar ag cruinniú sa damba, agus os cionn billiún tonna de ag teacht isteach san abhainn in aghaidh na bliana. Constaic dhosháraithe atá roimhe anois.

Bhíodh na húdarais ar a ndícheall ag múchadh díospóireacht faoin tionscadal, ach le tamall de bhlianta anuas tá siad á admháil go bhfuil fadhbanna móra éiceolaíoch, sóisialta agus geolaíoch ag baint leis. Thoiligh Wen Jiabao féin, an Chéad Aire, le ráiteas de chuid na Comhairle Stáit a chuir in iúl go raibh an fadhbanna sin ann agus go gcaithfí iad a fhuascailt. Rinneadh tagairt ar leith d'aistriú na ndaoine, do chúrsaí éiceolaíochta agus do chontúirt gheolaíoch. Táthar ag trácht ar chórais rabhaidh, ar dhaingniú na mbruach, ar chosaint na timpeallachta agus ar bhreis chúitimh ar chaillteanais. Tá dreamanna áirithe ag áitiú hidreachumhachta ar na húdarais fós, ach tá dreamanna eile ag cur ina coinne chomh díograiseach céanna agus iad ag cuimhneamh ar an díobháil shóisialta agus éiceolaíoch. Agus tá namhaid eile ann – an triomach. Thanaigh sin an sruth go dona níos luaithe i mbliana, agus má théann uiscí uachtair na habhann i laghad de dheasca chúlú na foinse i sléibhte na Tibéide, ní fhágfar sa damba ach uisce marbh.

Fothradh maith a bhí ar an scéal seo. Suas an abhainn ón damba bhí 50% den talamh faoi chrainn sna caogaidí; anois níl ach 10% mar sin, rud a chuireann le treise na dtuilte. Anois tá an Rialtas ar a dhícheall ag cur breis ceann – ní amháin sa cheantar sin ach in áiteanna eile chomh maith.

Le léamh:

'China warns of 'urgent problems' facing Three Gorges dam,' Jonathan Watts, *The Guardian*, 20/5/11.

<http://www.internationalrivers.org/en/china/three-gorges-dam>: Cuntas ar fhadhbanna an damba.

<http://www.washingtonpost.com/wp-srv/inatl/longterm/china/stories/death081798.htm>: 'Untamed Waterways Kill Thousands Yearly,' Michael Laris, *The Washington Post*, 17/8/98.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au nó chun coling.ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au or to coling.ryan@ato.gov.au.

Leaganacha simplithe

An teanga chóir

In aice le Tuaim i gContae na Gaillimhe a rugadh John Waldron, póilín Astrálach a bhí beo an naoú haois déag. Bhí sé sé bliana déag nuair a tháinig sé go dtí Manchain, agus ní raibh aige ach Gaeilge. D'fhoghlaim sé Béarla agus é ina phrintiseach innealtóireachta. Bhí Béarla ar a thoil aige⁵ nuair a tháinig sé go dtí Melbourne na hAstráile sa bhliain 1874.

An uair sin bhí an chathair ag borradh, agus bhí gá le póilíní. Chuaigh Waldron féin sna póilíní dá bharr.⁶

Deirtear gur minic a bhaineadh Waldron tairbhe as a chuid Gaeilge agus é ina phóilín. Lá amháin fuair siad fear bocht gioblach ag dul ar fán faoin tuath. Ní raibh focal Béarla aige, agus tugadh chun Melbourne é. Bhí bleachtair⁷ ann a raibh ceithre theanga aige agus chuaigh sé chun cainte leis an bhfear bocht. Theip air ciall a bhaint as caint mo dhuine.⁸ Tháinig Waldron agus cuir suim sa scéal. Chuaigh seisean chun cainte leis an bhfánaí. 'An dtuigeann tú Gaeilge?' a dúirt Waldron. 'Tuigim go maith,' a dúirt an fear eile. Bhí Waldron in ann airgead agus obair a fháil dó, agus d'fhoghlaim an fánaí Béarla faoi dheireadh.

Teangacha iasachta, teangacha baile

Tá teangacha iasachta ag dul i léig i scoileanna na Breataine agus na hÉireann. Is beag dalta sa Bhreatain a dhéanann staidéar ar Fhraincis, ar Ghearmáinis nó ar Spáinnis anois. Deir an Rúnaí Oideachais gur mhaith leis daltaí a chur ag foghlaim teangacha iasachta in aois a gcúig bliana d'aois. Deirtear go ndéanfar dochar do chumas iomaíochta⁹ na tíre de cheal teangacha.

Deir Acadamh Ríoga na hÉireann an rud céanna faoi Éirinn. In Éirinn atá an céatadán is airde de dhaoine san Aontas Eorpach a deir nach bhfuil acu ach a dteanga dhúchais. Molann an tAcadamh go neartófaí na teangacha sna scoileanna gan mhoill, ach b'fhéarr leis an Roinn Oideachais rudaí eile a neartú, ar nós na matamaitice.

San Albain, áfach, tá dul chun cinn éigin á dhéanamh ag an nGáidhlig. Tá a lán mac léinn á dtraenáil mar mhúinteoirí trí Gháidhlig, agus tá cúrsaí Gàidhlig ar fáil ag múinteoirí atá ag obair trí Bhéarla ach ar mhaith leo múineadh tríd an teanga eile.

Damba na dTrí Altán

Is é Damba na dTrí Altán an damba is conspóidí sa tSín é. Ní damba gan mhaith ar fad é. Cuireann sé srian leis na tuilte móra, agus ligeann sé do na báid Abhainn mhór Yangze a shiúl¹⁰ i bhfad níos éasca. Gineann sé mórán leictreachais, agus tá níos lú guail á úsáid dá bharr.

B'fhada daoine ag smaoinemh ar an damba sin a thógáil. Sa bhliain 1992 thoiligh Comhdháil Náisiúnta an Phobail leis. Tionscadal ollmhór a bhí ann, agus léirigh sé ábaltacht innealtóirí na tíre. Tá an stáisiún cumhachta is mó ar domhan ann.

⁵ Bhí Béarla ar a thoil aige – he was fluent in English

⁶ Dá bharr – as a result

⁷ Bleachtair - detective

⁸ Mo dhuine – 'my man' – the person I was talking of.

⁹ Cumas iomaíochta - competitiveness

¹⁰ (abhainn) a shiúl – travel along (the river)

Ar na fadhbanna is mó¹¹ tá carnadh an deascaidh.¹² Fanann an ithir sa damba in áit dul síos an abhainn. Déantar dochar freisin d'orgánaigh¹³ beaga a mhaireann ar an ngrinneall. Chomh maith leis sin, tá maidhmeanna sléibhe¹⁴ ag tarlu níos minice anois os cionn an damba de bharr éirí an uisce. Fadhb eile is ea na creathanna talún.¹⁵ Is mór an baol iad sa réigiún sin agus agus b'fhurasta dóibh dochar a dhéanamh do bhallaí an damba. Thairis sin de,¹⁶ tá uisce dríodair¹⁷ ag cruinniú sa damba in áit scaipeadh mar a dhéanadh sé.

Admhaíonn na húdaráis anois go bhfuil fadhbanna móra éiceolaíocha, sóisialta agus geolaíocha ag baint leis an damba. Tá dreamanna áirithe sa tSín ag moladh na hidreachumhachta¹⁸ fós, ach tá a lán daoine eile ag cur ina choinne.

¹¹ Ar na fadhbanna is mó – among the biggest problems

¹² Carnadh an deascaidh – accumulation of sediment

¹³ Orgánaigh - organisms

¹⁴ Maidhmeanna sléibhe - avalanches

¹⁵ Creathanna talún - earthquakes

¹⁶ Thairis sin de – in addition

¹⁷ Uisce dríodair – waste water

¹⁸ Hidreachumacht - hydropower